



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

LAIDIN – ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00

1.

(i) Cuir Gaeilge ar:-

[80]
(50)

Vivere quam miserum est inter Bessosque Getasque
 illum, qui populi semper in ore fuit!
 aspera militiae iuvenis certamina fugi,
 nec nisi lusura movimus arma manu.
 nunc senior gladioque latus, scutoque sinistram
 canitiem galeae subicioque meam.
 nam dedit e specula custos ubi signa tumultus,
 induimus trepida protinus arma manu.
 hostis, habens arcus imbutaque tela veneno,
 saevus anhelanti moenia lustrat equo.

ÓVID

(ii) Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá deich marc ag dul le gach ceist
 díobh):-

- (a) Mínigh cá háit a bhfuil Óivid sa sliocht seo. Cén fáth a bhfuil sé ann?
- (b) Conas a chuireann Óivid a sheansaol sa Róimh i gcodarsnacht lena shaol nua? Tabhair **dhá** shampla ón sliocht chun tacú le do fhreagra.
- (c) Pioc amach **dhá** shampla ón sliocht a thaispeánann na dainséir a bhaineann le saol nua Óivid.
- (d) An bhfuil aon trua agat d'Óivid sa suíomh a ndéantar cur síos air sa sliocht seo agus sa chéad **dá** shliocht eile ar do chúrsa? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.
- (e) Scríobh cuntas achomair ar shaol agus ar shaothar Óivid.
- (f) Déan cur síos ar dhán nó ar shliocht amháin eile ar do chúrsa a bhí an-spéisiúil nó an-taitneamhach, dar leat. Tabhair cúiseanna le do rogha.

2. Cuir Gaeilge ar:- [80]

(Imbriglóid taispeánann péist d' Alastar Mór cá háit a bhfuil fréamh le fáil a leigheasfaidh na créachtaí a rinne airm nimhithe)

Ptolemaeus, amicus regis Alexandri, telo venenato vulneratus erat. Alexander, sedens prope amicum vulneratum, dormiebat. Tum in somnio apparuit ei serpens, qui radiculam in ore ferebat. Atque serpens regi narravit vim radiculae tantam esse ut Ptolemaeum facile sanare posset. Simul serpens regi dixit quo in loco illam radiculam inveniret (atque is locus non longe aberat).

Rex, cum e somno surrexisset, emisit statim milites qui illam radiculam quaererent. Alexander non solum Ptolemaeum radicula sanare poterat, sed etiam multos milites qui eodem genere teli vulnerati erant.

Ptolemaeus: Tolamaes.
 somnium: brioglóid.
 os: béal.
 somnus: codladh.
 non solum ... sed etiam: ní hamháin ... ach freisin.

telum: arm.
 serpens: péist.
 vis: cumhacht.
 quaero: lorgaím.

venenatus: nimhithe.
 radicula: fréamh.
 sano: leigheasaim.
 genus: cineál.

3. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh.
(Tá ocht marc ag dul le gach ceist):-

[80]

(Maraítear Poimpéas nuair a bhí sé ag cur i dtír san Éigipt.)

Ubi ad Aegyptum navigabat, Pompeius anxius erat quod omnes in nave tacebant. Is timorem sermone celare conatus est. Versus ad Septimium centurionem, “Nonne,” inquit, “ te cognovi? Nonne antea simul militabamus?” Sed centurio nihil respondit.

Silentium rursus incepit. Mox ad litus pervenerunt. Simulac Pompeius surrexit, Septimius eum gladio graviter vulneravit. Pompeius, cum intellexisset se moriturum esse, faciem toga celavit. Fortiter multa vulnera passus in harena moriens iacebat. Sic Pompeius, a Iulio Caesare in bello superatus, sexagesimo anno in litore Aegypti mortuus est.

sermo : comhrá.	versus: ag iompú.	milito: tugaim seirbhís mar shaighdiúir.
rursus: arís.	simulac: chomh luath agus.	facies: aghaidh.
harena: gaineamh.	sexagesimus: seascadú.	

- (i) Cén fáth a raibh imní ar Phoimpéas nuair a bhí se ag seoladh go dtí an Éigipt?
- (ii) Conas a d'fhéach sé lena eagla a cheilt?
- (iii) Cad a dúirt sé leis an taoiseach céid, Septimius?
- (iv) Conas a d'fhreagair an taoiseach céid?
- (v) Cad a tharla ina dhiaidh sin nuair a thosaigh an ciúnas arís?
- (vi) Cad a rinne Septimius chomh luath agus a sheas Poimpéas suas?
- (vii) Cad a rinne Poimpéas nuair a thuig sé go raibh sé ag fáil bháis?
- (viii) Conas d'iompair Poimpéas é féin nuair a fuair sé a lán créachtaí? Cá háit a bhfuair sé bás?
- (ix) Cad a bhí déanta ag Iúil Caesar ar Phoimpéas roimhe sin?
- (x) Cén aois a bhí ag Poimpéas nuair a fuair sé bás?
- (xi) Cén sort clásail é *cum intellexisset* (líné 5)? Cén modh agus cén aimsir ina bhfuil an briathar?
- (xii) Tabhair príomhranna **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas ón sliocht thusa:-

navigo, sum, taceo, cognosco, intellego.

- (xiii) Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Uatha, de **thrí cinn ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas ón sliocht thusa:-

navis, timor, silentium, gladius, litus.

4. Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag dul le gach roinn):-

[80]

A. Cuir Laidin ar:-

- (a) Nuair a thóg Romalas an Róimh ní raibh bean ar bith sa chathair. (16)
- (b) Ghabh na Rómhánaigh iníonacha na Saibíneach ionas go mbeadh mná céile acu. (16)
- (c) Bhí na Saibínigh chomh feargach sin gur ionsaigh siad cathair nua Romalaí. (16)
- (d) Níor theastaigh ó na cailíní dul abhaile mar ba mhná céile Rómhánacha iad anois. (16)
- (e) D'áitigh siad ar a n-aithreacha agus ar a ndeartháireachá a bheith ina gcairde leis na Rómhánaigh. (16)

tógaíom: aedifico (1). Saibínigh: Sabini, -orum *f.* ionsaím: oppugno (1).

NÓ

- B. Cuir Gaeilge ar:-

(*Scriobhann Cicero chuir a dhuine saortha, Tiro, ar cuireadh moill air sa Ghréig de bharr tinnis*)

Post cenam navigavimus. Tum vento secundo, caelo sereno Hydruntum facile pervenimus. Eodemque vento postridie hora quarta Brundisium venimus. Servus Gnaei Planci tandem tuam epistolam mihi tradidit, quae curam meam valde levavit.

Medicus mihi dixit mox te validum futurum esse. Scio te omnia facturum esse ut convalescas et nobiscum quam primum sis. Sed te hoc rogo et a te peto, ne temere naves. Nautae enim festinare solent quod pecuniam accipere volunt. Cautus sis, mi Tiro: necesse est tibi mare magnum et difficile transire.

valde: go mó�. levo: tugaim faoiseamh do. validus: sláintíúil.
convalesce: tagaim chugam féin. quam primum: chomh luath agus is féidir.
temere: go tobann. soleo: tá taithí agam. cautus: cúramach.

5. Stair na Roimhe, 264 – 44 R.Ch. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. [40]

- A. Tabhair faoi **cúig cinn ar bith** de na ceisteanna a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)
- (i) Cad ba *corvus* ann? Conas a chabhraigh sé leis na Rómhánaigh sa Chéad Chogadh Púnach?
 - (ii) Ainmnigh **dhá** oiléán a tháinig faoi smacht na Rómhánach idir an Chéad Chogadh Púnach agus an Dara Cogadh Púnach.
 - (iii) Cén ról a ghlac Quintus Fabius Maximus Cunctator sa chogadh i gcoinne Hannabail?
 - (iv) Cad a chiallaíonn *delenda est Carthago*? Cé a bhain úsáid as na focail seo?
 - (v) Conas a fuair Scipio Aemilianus na teidil Numantinus agus Africanus?
 - (vi) Cad a tharla do Tiberius Gracchus nuair a d'fhéach sé le leasú a thabhairt isteach ar chóras na talún?
 - (vii) Cá háit a raibh na tíortha ársa Mauretania agus Numidia?
 - (viii) Cad ba phríomhchúis le briseadh amach Chogadh na nIodálach nó an Cogadh Sóisialta sa bláthain 90 R.Ch?
 - (ix) Cérbh é Spartacus? Conas a tharraing sé trioblód ar na Rómhánaigh?
 - (x) Cé na cumhachtaí a fuair Poimpéas trí an *lex Manilia*? Cad chuipe?
- B. Samhlaigh gur tusa **Hannibal** i do chaisleán sa Bhitín agus go bhfuil tú timpeallaithe ag saighdiúirí Rómhánacha. Scríobh do litir dheireanach ag cur síos ar do ghníomhréim agus ag tabhairt údair don fhuath atá agat ar na Rómhánaigh. (20)

NÓ

Bhí **Iúil Caesar** ar dhuine de na ginearál agus de na polaiteoirí ab fhéarr de chuid na Róimhe.

Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna ina ghníomhréim. (20)

6. Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach. Freagair Roinn A **agus** Roinn B. [40]

- A. Tabhair faoi **cúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- (i) Cén jab a bhí ag *rhetor*?
- (ii) Déan cur síos ar cad a tharlaíodh ag an *Circus Maximus* sa Róimh.
- (iii) Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le bainiseacha sa Róimh.
- (iv) Cén ról a bhí ag *censor* sa stát Rómhánach?
- (v) Cad ba *cursus honorum* ann?
- (vi) Cad ba (a) *apodyterium* agus (b) *frigidarium* ann i gcoimpléasc folcadán Rómhánach?
- (vii) Cén ról a bhí ag *haruspex* sa reiligiún Rómhánach?
- (viii) Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaitheadh bean Rómhánach.
- (ix) Cén gaol a bhí idir *patronus* agus a *clientes*?
- (x) Cérbh iad na *equites*, agus cén ról a bhí acu sa tsochaí Rómhánach?

- B. Féach ar an léaráid thíos de *domus* Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:- (20)



- (i) Cá háit a mbeifeá ag síul de ghnáth le mósáicí a fheiceáil i dteach Rómhánach? (2)
- (ii) Mínigh **dhá** dhifríocht idir *domus* agus *insula*. (6)
- (iii) Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú agus go bhfuil do theaghlaigh díreach tar éis bogadh isteach i dteach cosúil leis an gceann sa phictiúr thusa. Scríobh litir chuig cara ag cur síos ar phríomhghnéithe an tí. (12)

Baineadh an léaráid le haghaidh C. 6B as www.flickr.com/photos/16472880@N06/5094028932/sizes/l/in/photostream

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán